



Treoirínite Ábhar an Chláir (Achoimre Aistriúcháin)

Léiríonn Treoirínite Ábhar Chláir CHARM-EU an próiseas chun cláir oideachais atá dírithe ar dhúshláin a réiteach, bunaithe ar thaighde, inrochtana agus soghluaiste a aithint agus a fhorbairt. Cinntítear leo go léiríonn an t-ábhar oideachais láidreachtaí taighde, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta, agus tairiscintí oideachais idirinstiúideacha.

Tugtar tuairisc sa doiciméad seo ar na nithe seo a leanas:

- Próiseas chun **ábhar curaclaim agus réimsí taighde téamacha comhlántachta atá ann cheana a aithint** i gcás ina bhfuil mais chriticiúil ag gach ollscoil chomhpháirtíochta agus ina bhfuil siad ailínithe le téamaí taighde maidir le dúshláin dhomhanda.
- Próiseas le haghaidh **scannadh atriallach sonraí agus dearadh atriallach curaclaim** chun láidreachtaí taighde agus prionsabail oideachais a nascadh le chéile laistigh de phróiseas straitéiseach dearaidh ar leibhéal idirinstiúideach.
- Treoirínite chun sásra láidir a bhfuil tástáil déanta air a chruthú chun páirtithe leasmhara idirollscoile a chumasú chun curaclam uasmhéidithe go straitéiseach a chruthú ó **athbhreithniú ar thaighde ábhartha instiúideach agus ar shonraí oideachais**.
- **Croímhodúil** a roghnú laistigh den chlár pólótach MSc i nDúshláin Dhomhanda don Inbhuanaitheacht¹.

Faoi na Treoirínite, is féidir sraith uathúil táscairí a chruthú a aithníonn pointí comhleanúnachais laistigh d'ailtireacht eolais na bpáirtithe idirinstiúideacha uile. Feidhmíonn an doiciméad seo mar acmhainn d'instiúidí eile ardoideachais ar mian leo cláir oideachais idirinstiúideacha den chineál céanna a fhorbairt.

Cuirtear 4 príomhghníomhaíocht, arna gcur chun feidhme ag Pacáiste Oibre 3 (Dearadh Curaclaim), i láthair i bhformáid inste laistigh den doiciméad seo. Cruthaíonn na gníomhaíochtaí seo samhail lena chéile chun ábhar cláir a roghnú i gclár idirinstiúideach:

- Treoirínite straitéise d'ábhar an chláir
- Fóraim don dearadh curaclaim
- Treoirínite cláir don chlár micriphíolótach
- Treoirínite ábhair na Máistreachta

¹ Tá tuilleadh eolais maidir leis an gclár pólótach ar fáil in insóláthartha 7.1. (Eiseamláir Deartha Cláir).